



Méadú Maireachtála Aonair

Céard is Méadú Maireachtála Aonair ann?

Is íocaíocht é an Méadú Maireachtála Aonair do dhaoine atá ina gcónaí:

- go hiomlán leo féin, nó
- leo féin go príomha i gcásanna ar leith.

Anuas air sin, is gá go bhfaigheann tú ceann amháin de na híocaíochtaí atá liostaithe thíos ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Má cháilíonn tú, faigheann tú an méadú le d'íocaíocht leasa shóisialaigh gach seachtain.

Conas a cháilítear?

Cáileoidh tú le haghaidh méadú má fhaigheann tú ceann amháin de na híocaíochtaí leasa shóisialaigh seo a leanas:

a) má tá tú faoi bhun 66 bliain d'aois

- Pinsean Easláine
- Liúntas Míchumais
- Pinsean na nDall
- Forlíonadh Éagumais

b) nó má tá tú 66 bliain d'aois nó níos sine

- Pinsean Stáit (Ranníocach)
- Pinsean Stáit (Neamh-ranníocach)
- Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh faoin Scéim um Shochair Dhíobhálacha Ceirde
- Forlíonadh Éagumais

agus

- tá tú i do chónaí go hiomlán leat féin i dteach, árasán nó i dteach soghluaiste féinchuimsitheach, nó
- tá tú i do chónaí i d'aonar go príomha.

Feictear dúinn go bhfuil tú i do chónaí i d'aonar go príomha:

- má tá tú i do chónaí leat féin ach go mbíonn gaol leat, a bhfuil seoladh buan aige/aici in áit eile, ag teacht le fanacht leat ag an deireadh seachtaine le cabhrú leat, nó
- tá tú i do chónaí i d'aonar ach bíonn aoi a bhíonn ag íoc ag fanacht leat **uaireanta**, le linn féile áitiúil, mar shampla, nó
- tá tú i do chónaí i d'aonar i rith an lae ach, ar chúiseanna sábháilteachta, codlaíonn tú in áit chónaithe comharsan nó carad nó codlaíonn an duine sin i d'áit chónaithe féin. Cáileoidh tú le haghaidh méadú sa chaoi seo san aon chás go bhfuil seoltaí buana ar leith agat féin agus ag do chomharsa nó ag do chara agus mura bhfanann sibh in áiteanna cónaithe a chéile gach lá agus mura n-itheann sibh príomhbhéilí le chéile go rialta.

Tabhair faoi deara

Má tá gnó leaba agus bricfeasta á reáchtáil agat, fiú ar feadh cuid áirithe den bhliain, ní cháileoidh tú le haghaidh an mhéadaithe.

Is gá duit a rá linn láithreach má thagann athrú ar do chúinsí agus mura bhfuil tú i do chónaí i d'aonar go hiomlán nó go príomha a thuilleadh, tar éis don Mhéadú Maireachtála Aonair a bheith bronnta ort.

- Logáil isteach ar www.welfare.ie.
- Líne Eolais Íosghlao **1890 66 22 44** nó glaoigh ar **+353 71 91 93313** ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann.
- Buail isteach chuig d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó chuig an Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

An féidir liom cáiliú le haghaidh an mhéadaithe má tá mé i mo chónaí i gcóiríocht ar leith taobh istigh d'áit chónaithe phríobháideach?

Is féidir. Má tá cónaí ort in 'árasán muintire' nó i gcóiríocht ar leith taobh istigh d'áit chónaithe phríobháideach, d'fhéadfá cáiliú le haghaidh an mhéadaithe. Ach caithfidh go bhfuil áiteanna codlata agus maireachtála éagsúla ann agus caithfidh go bhfuil gach rud atá ag teastáil uait do chócaireacht, ithe agus do ghlantachán, ar fáil taobh istigh de do limistéar maireachtála féin.

D'fhéadfadh teagmháil shóisialta a bheith agat go fóill le daoine eile san áit chónaithe chéanna agus, más bainteach, d'fhéadfá aon seomra folctha, áiseanna leithris nó bealach isteach seachtrach a roinnt leo.

Má theastaíonn uait an coinníoll maireachtála aonair a shásamh, ba ghnách go mbeifí ag súil leis go mbeadh glais ar dhoirse d'áit chónaithe, ach amháin más daoine muinteartha leat iad na cónaitheoirí eile.

An féidir liom cáiliú le haghaidh an mhéadaithe má tá mé i mo chónaí i mbrú nó in ionad foscaidh?

D'fhéadfá cáiliú le haghaidh an mhéadaithe má tá cónaí ort i seomra singil taobh istigh de bhrú nó d'ionad foscaidh agus má tú amhlaidh agus tú neamhspleách ar na cónaitheoirí eile. Ach ní bheidh tú cáilithe má roinneann tú suanlios le daoine eile nó má chuirtear cúram nó maoirseacht altranais ar fáil duit de lá agus d'óiche.

An féidir liom cáiliú le haghaidh an mhéadaithe má tá mé i mo chónaí i dteach altranais?

Ní féidir. Ní féidir leat cáiliú toisc nach féidir féachaint ort mar dhuine atá ina c(h)ónaí go hiomlán leis/léi féin, ná leis/léi féin go príomha.

Conas a dhéantar iarratas?

Má tá tú i do chónaí go hiomlán leat féin nó leat féin go príomha, d'fhéadfá a bheith in ann iarratas a chur isteach ar Mhéadú Maireachtála Aonair mar chuid de d'iarratas ar aon cheann de na híocaíochtaí atá liostaithe ar leathanach 1.

Má fhaigheann tú ceann amháin de na híocaíochtaí seo cheana féin ach mura bhfaigheann tú an Méadú Maireachtála Aonair, tá cead agat iarratas a chur isteach air tríd an bhfoirm iarratais **LA1** a chomhlánú.

Cé na sochair bhreise is féidir liom a fháil?

D'fhéadfá a bheith cáilithe le haghaidh sochair bhreise, faoi réir coinníollacha áirithe. Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar www.welfare.ie.

Tabhair faoi deara

D'fhéadfadh rátaí difriúla a bheith á ngearradh ag soláthraithe seirbhíse éagsúla ar úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).

Is mar threoir amháin atá an bhileog seo, agus ní fhéachtar le léirmhíniú dlíthiúil a sholáthar inti.